2024/1944

11.7.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1944 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Iúil 2024

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 a mhéid a bhaineann le foilsiú tagairtí do Dhoiciméid um Measúnú Eorpach le haghaidh clár inslithe theirmigh atá déanta as silice mhicreapóiriúil agus eilimintí cúir dhocht pholúireatáin chun na páirteanna ceangail a cheangal le ballaí seachtracha agus táirgí tógála eile

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ([1]) ón gComhairle, agus go hairithe Airteagal 22 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, tar éis iarrataí ó mhonaróirí ar Mheasúnuithe Teicniúla Eorpacha, ghlac eagraíocht na gComhlachtaí um Measúnú Teicniúil 19 nDoiciméad um Measúnú Eorpach.

(2) Is leis na tagairtí seo a leanas do tháirgí tógála a bhaineann na Doiciméid um Measúnú Eorpach a ghlac eagraíocht na gComhlachtaí um Measúnú Teicniúil:

— clár inslithe theirmigh déanta as silice mhicreapóiriúil (a chuirtear in ionad na sonraíochta teicniúla ‘EAD 040057-00-1201’);

— eilimintí cúir polúireatáin dhocht chun na páirteanna ceangail a cheangal de bhallaí seachtracha;

— feisteáin le haghaidh cumhdaigh ballaí seachtracha le cláir gráinníní gloine borrtha, cláir ocsaíde maignéisiam nó cláir mianraí eile le rindreáil déanta ar an láthair (a chuirtear in ionad na sonraíochtaí teicniúla ‘EAD 090019-00-0404’ agus ‘EAD 090119-00-0404’);

— citeanna de leacacha comhchodacha d’adhmad agus de choincréit;

— stroighin bunaithe ar shulfalúmanáit chailciam bheilíteach agus ar shulfalúmanáit chailciam (a chuirtear in ionad na sonraíochta teicniúla ‘EAD 150001-00-0301’);

— cónasc athlúbtha;

— oscailtí agus bacainní imlíne chun foirgneamh nó struchtúr eile a chosaint ar thuilte;

— clúdaigh urláir chumaisc lena n-úsáid i limistéir taobh amuigh agus taobh istigh;

— scríd leachtach éiceolaíoch gan siúntaí atá déanta as amhábhair in-athnuaite agus amhábhair inbhuanaithe;

— urláir sheasmhacha déánta as dé-éin-monaiméir phróipiléine eitiléine agus gráinníní rubair;

— feisteáin chun micripíl a thógáil – feisteáin le barraí snáithe;

— cláir snáithíneacha le haghaidh úsáid neamhstruchtúrach laistigh atá déanta as snáithíní ceallalósacha athchúrsáilte ón iarmhar ceallúlósach tionsclaíoch;

— barraí polaiméire treisithe de shnáithíní carbóin, gloine, basailt agus araimíde chun na heilimintí struchtúrtha a dhaingniú;

— gloine ainnéalta theirmea-chuartha agus gloine sábháilteachta lannach atá déanta as gloine ainnéalta atá cuartha go teirmeach;

([1]) IO L 88, 4.4.2011, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/305/oj.

— ancairí plaisteacha a scriúáiltear isteach chun córais sheachtracha chumaisc inslithe theirmigh a dhaingniú, ar córais iad le rindreáil nó táirgí inslithe ar thaobh clé na síleálacha;

— ancairí scriú le haghaidh coincréit aeraithe uathchlábhaithe agus coincréit thathagaithe éadrom;

— ceanglóir cónasctha agus ceanglóirí cónasctha borrtha lena n-úsáid i gcoincréit (a chuirtear in ionad na sonraíochta teicniúla 'EAD 330499-01-0601');

— cónaisc barraí treisiúcháin iarshuiteáilte le hiompraíocht fheabhsaithe maidir le scoilteadh cónaisc;

— córas tógála saoirseachta tirime le heilimintí ingearacha.

(3) Na Doiciméid um Measúnú Eorpach a ghlac eagraíocht na gComhlachtaí um Measúnú Teicniúil, comhlíonann siad na ceanglais atá le comhlíonadh maidir leis na buncheanglais i leith oibreacha foirgníochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na Doiciméid um Measúnú Eorpach sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(4) Is de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 ón gCoimisiún a fhoilsítear an liosta tagairtí do Dhoiciméid um Measúnú Eorpach le haghaidh táirgí foirgníochta ([2]). Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart tagairtí do Dhoiciméid nua um Measúnú Eorpach a chur leis an liosta sin.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 a leasú dá réir.

(6) Chun bheith in ann na Doiciméid um Measúnú Eorpach a úsáid a luaithe is féidir ionas gur féidir leis na monaróirí a bhfuil Measúnú Teicniúil Eorpach acu cheana a dtáirge a chur ar an margadh, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Thar ceann an Uachtaráin
Kerstin JORNA
An tArd-Stiúrthóir
An Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 ón gCoimisiún an 19 Márta 2019 maidir le foilsiú na nDoiciméad um Measúnú Eorpach (EADanna) le haghaidh táirgí foirgníochta arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 77, 20.3.2019, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/450/oj).

IARSCRÍBHINN

Cuirtear na rónna seo a leanas isteach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 in ord seicheamhach de réir ord na n-uimhreacha tagartha:

‘040057-01-1201	Clár inslithe theirmigh déanta as silice mhicreapóiriúil (a chuirtear in ionad na sonraíochta teicniúla ‘EAD 040057-00-1201’)’
‘040868-00-0404	Eilimintí cúir polúireatáin dhocht chun na páirteanna ceangail a cheangal de bhallaí seachtracha’
‘090019-01-0404	Feisteáin le haghaidh cumhdaigh ballaí seachtracha le cláir gráinníní gloine borrtha, cláir ocsaíde maignéisiam nó cláir mianraí eile le rindreáil déanta ar an láthair (a chuirtear in ionad na sonraíochtaí teicniúla ‘EAD 090019-00-0404’ agus ‘EAD 090119-00-0404’)’
‘130018-00-0303	Citeanna de leacacha comhchodacha d’adhmad agus de choincréit’
‘150001-01-0301	Stroighin bunaithe ar shulfalúmanáit chailciam bheilíteach agus ar shulfalúmanáit chailciam (a chuirtear in ionad shonraíocht theicniúil ‘EAD 150001-00-0301’)’
‘160031-00-0301	Cónasc athlúbthan’
‘180002-00-0706	Oscailtí agus bacainní imlíne chun foirgneamh nó struchtúr eile a chosaint ar thuilte’
‘190014-00-0503	Clúdaigh urláir chumaisc lena n-úsáid i limistéir taobh amuigh agus taobh istigh’
‘190022-00-0503	Scríd leachtach éiceolaíoch gan siúntaí atá déanta as amhábhair in-athnuaite agus amhábhair inbhuanaithe’
‘190026-00-0502	Urláir sheasmhacha déánta as dé-éin-monaiméir phróipiléine eitiléine agus gráinníní rubair’
‘200077-00-0103	Feisteáin chun micripíl a thógáil – Feisteáin le barraí snáithe’
‘210132-00-0504	Cláir snáithíneacha le haghaidh úsáid neamhstruchtúrach laistigh atá déanta as snáithíní ceallalósacha athchúrsáilte ón iarmhar ceallúlósach tionsclaíoch’
‘260023-00-0301	Barraí polaiméire treisithe de shnáithíní carbóin, gloine, basailt agus araimíde chun na heilimintí struchtúrtha a dhaingniú’
‘300008-00-0404	Gloine ainnéalta theirmea-chuartha agus gloine sábháilteachta lannach atá déanta as gloine ainnéalta atá cuartha go teirmeach’
‘330196-01-0604-v01	Ancairí plaisteacha a scriúáiltear isteach chun córais sheachtracha chumaisc inslithe theirmigh a dhaingniú, ar córais iad le rindreáil nó táirgí inslithe ar thaobh clé na síleálacha’
‘330424-00-0604	Ancairí scriú le haghaidh coincréit aeraithe uathchlábhaithe agus coincréit thathagaithe éadrom’
‘330499-02-0601	Ceanglóir cónasctha agus ceanglóirí cónasctha borrtha lena n-úsáid i gcoincréit (a chuirtear in ionad na sonraíochta teicniúla ‘EAD 330499-01-0601’)’
‘332402-00-0601	Cónaisc barraí treisiúcháin iarshuiteáilte le hiompraíocht fheabhsaithe maidir le scoilteadh cónaisc’
‘340297-00-0203	Córas tógála saoirseachta tirime le heilimintí ingearacha’.